Cásc 2008

Nuachtlitir Choláiste Feirste

Turas ealaíne go Ormeau Baths

Year 11 students visit Ormeau Baths gallery to develop art skills

Chuaigh Bliain 11 amach ar thuras ealaíne ar na mallaibh. Thug siad aghaidh ar thaispeántas bliantúil Acadamh Ealaíne Ríoga Uladh. Bhí an taispeántas ar siúl i nDánlann Ormeau Baths agus bhí saothar de gach aon chinéal ealaíne le feiceáil ansin agus é uilig déanta anseo in Éirinn agus go háirithe sa tuaisceart. Bhí dealbhóireacht, potaireacht, fótagrafaíocht agus pictiúir le dathanna ola agus le dathanna uisce. Bhí suim mhór ag na daltaí sna píosaí éagsúla ealaíne, go háirithe sna saothair tríthoiseacha. Chuir siad spéis ar leith sna bróga agus sa mhadadh.

45 students and teachers from a Basque Medium school in San Sebastian visit the school to learn form our experiences.

Tír na mBáscach i gColáiste Feirste

Thug scaifte mór scoláirí agus múinteoirí ó Thír na mBascach cuairt ar an Choláiste i mí Feabhra. Ba as San Sebastian iad agus tá siad uilig ag freastal ar scoil Ian-Bhascaise ar an bhaile sin, is cinnte go bhfuil go leor i gcoitinne acu le daltaí Choláiste Feirste sa mhéid is go bhfuil brú ar a dteanga ón Spáinnis an dóigh chéanna a bhfuil brú ar an Ghaeilge ón Bhéarla. Thug príomhoide na scoile ar thuras timpeall an fhoirgnimh iad agus ansin chuaigh a leath i mbun ceardlann peil Ghaelach leis an Roinn Chorpoiliúna fhad is a d'fhan an chuid eile ag cur aithne ar dhaltaí Bhéal Feirste sa bhialann. D'éirigh go hiontach leis an turas gairid agus shíl Séamas Ó Tuama a mhór de scileanna spóirt na mBascach, thiocfadh le duine nó beirt acu áit a fháil ar fhoireann na scoile, dar leis! Níor mhair an turas ach cúpla uair an chloig ach táimid ag súil le nasc níos láidre a chothú idir an dá scoil agus b'fhéidir go mbeadh turas ag dul go tír na mBascach sa todhchaí.

An tAire Éamann Ó Cuiv i mbun léachta i gColáiste Feirste

Irish Governmnet minister for Gaeltacht visited Coláiste Feirste to give a lecture about the challenges facing the Irish language community.

Ba mhór an onóir dúinn i gColáiste Feirste gur thug Aire na Gaeltachta, Éamann Ó Cuiv, cuairt ar an scoil mar chuid d'Fhéile an Earraigh.
Labhair sé faoin dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le ceist na Gaeilge ó thuaidh agus ó dheas. Ghlac sé le ceisteanna faoi Fhoras na Gaeilge agus an caidreamh atá aige féin leis an Aire Poots ó thuaidh. Mhaigh sé go raibh sé ar a chumas comhoibriú leis an rialtas i gCnoc an Anfa agus níos mó maoiniú a chur ar fáil don Ghaeilge sna sé chontae. Bhí aoíonna speisialta eile ann ar an oíche mar a bhí Gearóid Mac Adaim agus an feisire Eorpach Bairbre de Brún, iar-mhúinteoir de chuid na scoile. Ba dheas fosta iar-phríomhoide na scoile, Feargus Ó hÍr a fheiceáil agus é i mbun oibre anois ina phost úr le Raidió Fáilte

Ceann Comhairle Nua Eadharc sa Choláiste

Coláiste Feirste host the speaker of New York, Christine Quinn on her visit to Belfast.

Ba mhór an onóir do Choláiste Feirste fáilte a chur roimh Cheann Comhairle Nua Eadharc, Christine Quinn, i mí na Nollag seo chuaigh thart. Bhí an polaiteoir cumhachtach seo i mBéal Feirste le foghlaim faoin phróiséas pholaitiúil chomh maith le deiseanna infheistíochta a aimsiú. Chuir sí suim ar leith i ndul chun cinn an Choláiste agus shíl sí a mhór don tionscnamh iontach atáthar a phleanáil don chuid seo den chathair mar atá an Cheathrú Ghaeltachta

Bronnadh na nDuaiseanna 2007

The senior school prizegivinning was held in late December with "Our students our community" the theme for the night. A large crowd of parents, students and guests came to celebrate with students past and present..

Bhí idir thuistí, scoláirí agus mhúinteoirí i láthair i gColáiste Feirste seachtain roimh an Nollaig le buanna agus talainn dhaltaí an choláiste a cheiliúradh. Ba é "Daltaí s'againne Pobal s'againne" téama na hoíche agus rinneadh an nasc idir an scoil agus pobal na Gaeilge a cheiliúradh. Ba scoil an phobail í ó bunaíodh í sa Chultúrlann i 1991 le 9 dalta agus ba thábhachtach ag an scoil go mbeadh a fhios ag na daltaí atá ag fágáil an choláiste go raibh fáilte rompu a bheith páirteach mar dhaoine fásta sa phobal chéanna.

I measc na n-aoíanna speisialta a bhí i láthair bhí an tAth Breandán Mac Maoláin atá ag ceiliúradh na sacraimintí trí Ghaeilge le dhá scór bliain sa chathair, Máire Mhic Sheáin, a bhí ar dhuine de na chéad mhúinteoirí i mBunscoil Phobail Feirste agus ar dhuine de bhunaitheoirí Bhóthar Seoighe, Feargal Mac Ionnrachtaigh, Iar-dhalta de chuid an Choláiste agus ag dul do dhochtúireacht sa Ghaeilge in Ollscoil na Banríona, Glen Philips, fear as Manchain Shasana atá pósta le Gael, a labhraíonn Gaeilge lena pháistí agus atá lán-pháirteach i saol na Gaeilge agus Seán Mac Goill atá ina ghníomhaire teanga agus ina ailtire agus a bhí ina aoíchainteoir ar an oíche. Léiríonn na haoíonna seo a ilchineálaí agus a leithne atá pobal na Gaeilge.

Children from 6 bunscoileanna participated in a Drama Competition in Coláiste Feirste on 6 March. The overall prize went to Bunscoil Phobail Feirste this year.

Comórtas Dramaíochta Bhéal Feirste

D'fháiltigh Coláiste Feirste roimh dhaltaí, mhúinteoirí agus tuismitheoirí ó Bhunscoil Mhic Reachtain, Scoil na Fuiseoige, Bunscoil Phobal Feirste, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Scoil an Damba agus Gaelscoil na bhFál agus ag iomaíocht do na duaiseanna i gcomórtas Dramaíochta Bhéal Feirste. Chaith siad an lá sa scoil agus bhain gach duine an-sult as an ócáid. Dúirt Áine Máire Ní Anluain, ball den choiste a d'eagraigh an chomórtas "Is iontach iad na háiseanna atá ar fáil sa scoil anseo agus is iontach fosta go bhfuil daltaí na mbunscoileana ábalta úsáid a bhaint astu agus tacú lenár n-airneál féin". Ghabh an coiste buíochas le daltaí Bl 13 agus Bl 14 a chuidigh leis an imeacht a stiúradh i rith an lae agus táimid ag súil leis an imeacht céanna a bheith sa scoil ar an bhliain seo chugainn.

Ag scíal i sléibhte na hAlpa

This year's skiing trip to Valloire in France was a great success as usual with teachers and students building on their skiing skills and having a fun time as well.

Bhain daltaí GCSE agus ArdLeibhéil sochar as an tsraith imeachtaí D'imigh 30 dalta Choláiste Feirste ar thuras sciála go Valloire, sa Fhrainc idir 24ú Feabhra agus 2ú Márta. Sé lá sciála den scoth a chaitheamh ar shléibhte na nAlp. Thóg na daltaí an sciáil go gasta, go háirithe iad siúd a bhí ann don chéad uair – cuid acu ábalta an leath-phíopa agus léimeanna scanrúla a dhéanamh ag deireadh na seachtaine!
Turas tuirsiúil a bhí ann mar go raibh muid chomh gnóthach ó mhaidin go hoíche. Bhí go leor imeachtaí eile ar siúl chun muid a choinneáil ag dul idir bhabhláil, scátáil, dhioscó agus bhumbórdáil. Caithfidh múinteoir áirithe díoltas a bhaint amach go fóill ón oíche úd!!!
Bhí na daltaí múinte macánta agus ní thiocfadh leis na múinteoirí deireadh iontais a dhéanamh den dea-iompar. Bhí am sona, sultmhar ag cách.

Staraithe óga Choláiste Feirste i Krakow na Pholainne

Coláiste Feirste went to Poland in Febuary on a History trip where they visited Auschwitz concentration camp and lots of other attractions in Krakow.

Chuaigh 34 dalta ó Bhliain 11-14 ar turais Staire chun na Polainne ar 5ú lá de mhí Feabhra 2008. Bhí an-chraic againn agus bhí sé iontach suimiúil fosta. Chuaigh muid go dtí Zakopane ar an Chéadaoin agus bhí sé ar dóigh. Bhí sneachta gach áit agus chaith muid an lá ag súgradh ar na "bordanna tóna"agus ag caitheamh liathróidí sneachta. Bhain gach duine sult as na múinteoirí a bhualadh go trom i gcath sneachta! Bhí Zakopane ar fheabhas ach ba é an turas go hAuschwitz buachphointe an turais. Fanfaidh an t-eispéireas a bhí agam anseo liom go deireadh mo shaol. Ba thruamhéalach ar fad é an fhianaise ón Réiteach Deireanach a fheiceáil- go háirithe bróga na bpáistí a cuireadh chun báis agus na botháin ina raibh na príosúnaigh ina gcónaí. Chuaigh scála ollmhór na háite go mór i bhfeidhm orainn mar ghrúpa agus fágadh faoi ghruaim muid an lá sin.
Bhain gach duine taitneamh agus tairbhe as an turas agus tá súil againn go mbeidh seans againn dul ar thuras eile dá leithéid an bhliain seo chugainn.
Le Breandán Mac Conaill

Students from the English Department went on a trip to Dublin to watch the play Blood Brothers- a great time was had by all.

Roinn an Bhéarla ar thuras go BÁC leis an dráma "Blood Brothers" a fheiceáil

Ag deireadh mhí Feabhra bhí turas againn go Baile Átha Cliath le hamharc ar dhráma nua–aimseartha darb ainm "Blood Brothers" scríofa ag an drámadóir Willy Russell.

D'imigh muid tar éis a haon déag ón scoil agus bhí turas fada againn, dhá uair san iomlán go lár chathair Bhaile Átha Cliath. I ndiaidh turais a bhí tuirsiúil leadránach shiúil muid suas Sráid Grafton agus isteach i mbialann "Mhic Dhónaill." Buíochas do Dhia mar bhí an-ocras orainn uilig! D'ith muid béile blasta, agus shiúil muid ar aghaidh suas an bóthar agus isteach chuig amharclann an "Gaeity" le hamharc ar an dráma iontach. Bhí atmaisféar, amhráin, agus aisteoireacht den chead scoith le mothú. Sa deireadh thiar thall, turas thar barr a bhí ann agus thabharfainn ceithre réalt don dráma as cúig.

Le Seán Ó Cuinne 11C"

CALLING ALL PARENTS

Given that Irish medium schools have their origins in community, the idea of school at the centre of community is not a new one. It is encouraging however that the idea is now being supported with policy and funding through the Extended Schools programme. An Extended School is a school which provides a range of services and activities beyond the school day, to help meet the needs of children, their families and the wider community.

Ultimately the sustainability of the activities and opportunities offered through extended schools depends on how effectively they meet the needs and aspirations of their users – children, young people, their families and the wider community – so it is vital to involve you in planning right from the start.

I am currently coordinating the extended school programme in the school. If you have any ideas, or if you would like more information please contact me, Clár Nic Lochlainn in person, by phone or email cniclochlainn326@c2kni.net.

After the success of our one day trial we would like to offer a Breakfast Club through the Extended Schools Programme and we are currently looking for someone to supervise it. For further details of hours and remuneration contact Clár at the school.

Tá Clár Nic Lochlainn ceaptha mar oifigeach scoileanna sínte sa scoil le cúpla mí anois. Is as Doire ó dhúchas í Clár ach tá sí ina cónaí i mBéal Feirste le fada agus ag foghlaim na Gaeilge le roinnt blianta anuas fosta. Tá sí go mór i bhfábhar imeachtaí a réachtáil a chuirfidh le feabhas acadúil agus le dul chun cinn pearsanta daltaí s'againne agus ar ndóigh ba mhaith léi tógáil ar an cheangal láidir atá idir an scoil agus pobal na Gaeilge. Gabh i dteangmháil léi más speis leat a bheith páirteach san obair seo nó le moltaí a dhéanamh.

Aisteoirí Choláiste Feirste i gcraobh náisiúnta "Scléip"

Coláiste Feirste pupils have yet again succeeded in the Ulster round of the Scléip competition and will be making their way to the final in Athlone.

D'éirigh le daltaí Choláiste Feirste i gComórtas Scléip na hÓige arís i mbliana agus beimid ar ár mbealach go Baile Átha Luain le páirt a ghlacadh sa chomórtas náisiúnta. Bhí ochtar aisteoirí againn i mbliana ón cheathrú agus ón chúigiú bliain léirigh siad an Dráma 'Pádraigín is ainm dom' le hEamonn Ó Loinsigh. Mhol na moltóirí scileanna aisteoireachta s'acu agus dúirt siad go raibh an léiriú ar 'Ard-chaighdeán.' Is léir go bhfuil réalta aisteoireachta an todhchaí inár measc sa Choláiste!

Seachtain na Gaeilge

Cuireadh tús maith le clár imeachtaí Sheachtain na Gaeilge i gColáiste Feirste Déardaoin 6 Márta nuair a thug Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, cuairt ar an scoil. Chaith Julian an lá ag labhairt le bliainghrúpaí difriúla sa léachtlann agus chuir sé in iúl a thábhachtaí a bhí sé tacú leis na feachtais éagsúla atá ar bun chun an teanga a threisiú agus a neartú. Chuir sé ar an eolas muid uilig faoin staisiún raidió nua náisiúnta atá bunaithe don aos óg agus go bhfuil comórtas ar bun chun ainm a roghnú dó. Raidió X atá air faoi láthair agus is féidir éisteacht leis ar an idirlíon. D'fhogair Julian fosta go raibh an dlúthdhiosca nua Ceol '08 ar fáil sna siopaí agus thug sé go leor dlúthdhioscaí ar shiúl mar dhuaiseanna. Bhronn sé an Fáinne Óir ar Bhliain 13 agus 14 ag tionól speisialta an mhaidin sin agus tá na daltaí sin ag siúl ar fud na scoile ó shin agus na fáinní á gcaitheamh acu go bródúil! Tá clár imeachtaí iomlán curtha le chéile ag coiste Seachtain na Gaeilge agus tá an ceiliúradh seo ag dul ó neart go neart gach bliain i gColáiste Feirste.

Julian de Spáinn from the Gaelic League presents 6th form students with An Fháinne Óir agus launches Coláiste Feirste's Irish Language Week programme of events.

Focal ón Eagarthóir

Tá buíochas ag dul don fhoireann eagarthóireachta arís agus go háirithe le Breandán Ó Fiaich. Tá cúpla alt foilsithe san eagrán seo agus iad scríofa ag daltaí. Is iontach é seo a fheiceáil agus beidh béim ar leith ar shaothar na ndaltaí in eagrán an tsamhraidh. Tá ainm ceart le roghnú go fóill don Nuachtlitir agus tá súil againn sin a bheith socraithe in am don chéad eagrán eile.

Diarmaid Ua Bruadair